# Tionchar Tuilte ar Shábháilteacht Leictreach

- Cuireann tuilte cruatan mór ar dhaoine mar gheall ar an damáiste a dhéanann siad do thithe, do thailte feirme agus do bhóithre. Tá an meascán d'uisce agus de leictreachas thar a bheith contúirteach. Molann ESB Networks do gach custaiméir leictreachais a bheith thar a bheith airdeallach nuair a bhíonn tuilte troma ann.
- Suiteáiltear sreanga leictreachais lastuas sa chaoi go bhfuil siad glan ar fhormhór na ngnáthghníomhaíochtaí. Bí sábháilte – Coinnigh súil in airde do shreanga leictreachais agus fan glan orthu i gcónaí.
- Mar sin féin, nuair a bhíonn tailte, bóithre, aibhneacha agus srutháin faoi thuilte troma, bíonn contúirtí nua ann. Má tá bád á úsáid agat, cuir i gcás, tá tú i bhfad níos gaire do na sreanga lastuas anois mar gheall ar an athrú leibhéil. Ní mór duit a bheith thar a bheith airdeallach, go háirithe agus tú ag dul faoi shreanga leictreachais ag a bpointe is ísle. Má bhíonn amhras ar bith ort, glaoigh ar uimhir éigeandála 24/7 ESB Networks: 1800 372 999 nó 021 2382410.
- Má fheiceann tú trealamh leictreach damáistithe ar bhóithre nó i bpáirceanna, ní mór duit fanacht glan air agus fios a chur ar ESB Networks láithreach. Fan glan ar aon sreanga leictreachais atá tar éis titim nó atá crochta go híseal, chomh maith le haon trealamh leictreach atá faoi uisce go páirteach nó go hiomlán. Cuir fios orainn láithreach bonn ar 1800 372 999 nó ar 021 2382410.
- I gcás go bhfuil do shuiteáil leictreach i mbaol mar gheall ar thuilte, ba chóir duit do sholáthar leictreachais a mhúchadh ag an bpríomhlasc aonrúcháin ar chuntar go bhfuil sé sábháilte déanamh amhlaidh. Mura bhfuil, b'fhéidir go mbeifeá in ann fearais leictreacha a phlugáil amach – arís, ar chuntar go mbeadh sé sábháilte déanamh amhlaidh. Má bhíonn amhras ar bith ort, ba cheart duit dul i dteagmháil le conraitheoir cláraithe leictreachais.
- Thar aon ní eile, ná leag lámh ar aon fhearais leictreacha, cáblaí ná trealamh agus tú i do sheasamh in uisce nó in áiteanna a bhfuil fearais fliuch nó faoi uisce.
- Nuair a thránn na tuilte, tá sé tábhachtach fanacht airdeallach mar d'fhéadfadh contúirtí a bheith ann nach raibh le feiceáil roimhe sin agus atá níos gaire anois.

Sula n-athcheanglaíonn tú do shuiteáil leictreach, ba chóir duit iarraidh ar chonraitheoir cláraithe leictreachais í a sheiceáil.

Chun nuashonruithe agus tuilleadh eolais a fháil maidir le húsáid shábháilte an leictreachais, lean ar Twitter muid @ESBNetworks, agus coinnigh súil ar an suíomh gréasáin s'againne ag www.esbnetworks.ie. Beidh teachtaireachtaí sábháilteachta uainne le cloisteáil go rialta ar na meáin náisiúnta agus áitiúla, agus ar líne freisin.